National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2005

Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01) 888 2121
Lóghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie



Páirc Belgard, Áth Cliath Theas

CLÁR

1.	**Focal ón gCathaoirleach**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**8**
	Bunú	8
	Téarmaí Tagartha	8
	Comhaltaí an Choiste	8
	Cruinnithe an Choiste faoin	9
	Tuarascáil Bhliantúil	9
3.	**Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí**	**11**
	An Grúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil	11
	Cóiríocht Gan Áitiú	11
	Grúpa Oibre Comhairleach	
	Cruinniú leis an Aire Nollaig Ó hEachthighearn, TD	12
	Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2005	13
	Cur i láthair os comhair an Choiste: Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann	13
	Cuairteanna ar Chóiríocht don Lucht Siúil	13
	Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan	14
	Fochoiste comhpháirteach de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	15
	Measúnú agus Monatóireacht ar an Dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil	15
	Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil	15
	Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil	16
4.	**Airgeadas**	**17**
5.	**Aguisíní**	**18**
	Aguisín I	
	Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2005	18
	Aguisín II	
	Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil sa bhliain 2005	22

Focal ón gCathaoirleach

Cathaoirleach
Séamus Ó Cinnéide

Is mór an onóir dom an seachtú Tuarascáil Bhliantúil den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach. Clúdaíonn tuarascáil na bliana 2005 bliain a trí de théarma oifige an dara Coiste agus an chéad bhliain den dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. Mar Chathaoirleach ar an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil – a ceapadh sa bhliain 2007 – ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Chris Flood, agus lena chomhghleacaithe go léir ar an dara Coiste as a ndúthracht agus a dtiomantas ó thaobh cheist chóiríochta an Lucht Siúil a chur chun cinn.

Lean an dara Coiste (2003-2006) le hobair tháirgiúil an choiste a chuaigh roimhe agus chuir sé comhairle iontaofa ar an Aire faoi na dúshláin atá rompu siúd go léir atá bainteach le cóiríocht bhuan d'ardchaighdeán a sholáthar do theaghlaigh Lucht Siúil nach bhfuil ar a gcumas a gcóiríocht féin a réiteach. Ba é an tAthbhreithniú ar Fheidhmiú Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 príomhfhoilseachán an Choiste a foilsíodh sa bhliain 2004: Tuarascáil an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil don Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach. Fianaise den ardmheas a bhí ar an dara Coiste ab ea gur ghlac an tAire, go luath sa bhliain 2005, leis na moltaí go léir a rinne an Coiste ina Athbhreithniú.

Ceann de na bealaí is fearr chun rath nó teip an chláir chóiríochta don Lucht Siúil de chuid na nÚdarás Áitiúil a thomhas is ea an t-athrú atá tagtha ar líon na dteaghlach Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin neamhúdaraithe. Cé gur tháinig laghdú go náisiúnta de 187 teaghlach ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu ar láithreáin den sórt sa bhliain 2004 níor tháinig ach laghdú de 12

teaghlach ar an líon sin sa bhliain 2005. Maidir leis an 589 teaghlach Lucht Siúil a raibh cónaí orthu ar láithreáin neamhúdaraithe faoi dheireadh na bliana 2005 - 8% de 7,266 sé sin an líon measta de theaghlaigh Lucht Siúil a raibh cónaí orthu sa Stát ag an am – bhí an dul chun cinn a rinneadh sa réimse ríthábhachtach seo i bhfad Éireann ró-mhall.

Cuireadh forbairtí níos dearfaí i gcrích i réimsí eile áfach. Mar shampla, tugadh cóiríocht do 125 teaghlach sa bhreis den Lucht Siúil i ngnáth-thithíocht údaráis áitiúil sa bhliain 2005 agus meastar gur tugadh cóiríocht do 210 teaghlach sa bhreis san earnáil phríobháideach tithíochta ar cíos. Ina theannta sin tháinig méadú beag ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu i ngrúpthithíocht de chuid údaráis áitiúil (méadú ó 582 teaghlach faoi dheireadh na bliana 2004 go 606 faoi dheireadh na bliana 2005). Tá sonraí faoin gcóiríocht a chuir gach údarás áitiúil ar fáil sa bhliain 2005 leagtha amach in Aguisín I.

Tionóladh sé chruinniú den dara Coiste sa bhliain 2005 agus le linn an ama sin faomhadh na Tuarascálacha Bliantúla don bhliain 2002, 2003 agus 2004; casadh leis an Aire Nollaig Ó hEachthighearn (agus pléadh saincheisteanna a bhain le pleanáil agus cóiríocht neamhbhuan); freastalaíodh ar chur i láthair de chuid oifigigh Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann; agus leanadh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair maidir le cuairteanna a thabhairt ar údaráis áitiúla agus ar láithreáin atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Thug an Coiste cuairt ar Chill Mhantáin agus ar Co. an Chabháin sa bhliain 2005.

Lean dhá ghrúpa oibre – a bhain le cóiríocht neamhbhuan agus le comhairliúchán – dá gcuid cruinnithe le linn 2005 agus d'oibrigh an Coiste iomlán, inter alia, ar phleananna a fhorbairt chun seimineáir maidir le feidhmiúchán an Choiste Chomhairligh Áitiúil Um Chóiríocht don Lucht Siúil a thionól. Bhí obair an dá ghrúpa, agus an phleanáil i gcomhair na seimineár fós ar siúl faoi dheireadh na bliana.

Tuigimse mar Chathaoirleach ar an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta Um Chóiríocht don Lucht Siúil, go mbraitheann an Coiste ar dhúthracht agus ar

dhea-mhéin líon áirithe daoine aonair agus comhlachtaí má tá leis a bheith éifeachtach. Chas an tAire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, an tUasal Nollaig Ó hEachthighearn, T.D., leis an gCoiste sa bhliain 2005 agus thug a thacaíocht dó. Ina theannta sin chuir an tAonad um Chóiríocht don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don Choiste. Chuir na daoine sin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, comhaltaí agus oifigigh Chomhairlí Contae, agus áitritheoirí áitiúla Lucht Siúil agus a n-ionadaithe an-fháilte roimh an gCoiste nuair a thug muid cuairt ar Chill Mhantáin agus ar Chontae an Chabháin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chabhraigh agus a thacaigh leis an dara Coiste le linn 2005.



Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

Láithreán Stad Chaladh an Treoigh, Contae Luimnigh

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar bhonn reachtúil ar an 29ú Aibreán 1999 faoi alt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998. Ceapadh an dara Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar an 10ú Márta 2003.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire

- i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;
- i ndáil le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mó is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an Lucht Siúil agus rannpháirteachas an Lucht Siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistiú;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Comhaltaí an Choiste

An tUas. Chris Flood,	Cathaoirleach
Ms Kathleen Bonar[1]	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An Comh. William Callaghan	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
An tUas. Martin Collins	Ionad Pavee Point don Lucht Siúil
An tUas. Thomas Cunningham	Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae
An tUas. Alex Fleming	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUas. David Joyce[2]	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
Ms Maria Joyce	Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil
An tUas. Brendan Kenny	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
Ms Ellen Mongan	Ainmní de chuid an Aire
An tUas. Séamus O'Connor	Ainmní de chuid an Aire
Ms Mary O'Donoghue[2]	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUas. Eugene J. Doyle	Rúnaí an Choiste

1 D'éirigh Ms Bonar as an gCoiste le linn na bliana de bharr gur leagadh cúraimí eile uirthi sa Roinn ina bhfuil sí.

2 Ainmníodh an tUasal Joyce agus Ms O'Donoghue chun folúntais ar Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a líonadh ach ní raibh siad ceaptha go foirmiúil ar an gCoiste faoi dheireadh na bliana 2005.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaíonn Alt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go déanfaidh an Coiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach maidir lena ghníomhaíochtaí agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas. Tá an tréimhse idir an 1 Eanáir – 31 Nollaig 2005 san áireamh sa Tuarascáil seo.

Cruinnithe

Tionóladh sé chruinniú Coiste den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil idir Eanáir agus Nollaig 2005.

Seo a leanas an líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar ar fhreastail gach comhalta Coiste le linn 2005: An tUas. Flood (6), Ms Bonar (3), An Comh. Callaghan (0), An tUas. Collins (4), An tUas. Cunningham (2), An tUas. Fleming (3), An tUas. Joyce (2), Ms Joyce (4), An tUas. Kenny (3), Ms Mongan (6), An tUas. O'Connor (6), Ms O'Donoghue (6).

Gort na Fola, Turlach, Co. Mhaigh Eo

Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí

1. An Grúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil

Bunaíodh an Grúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil i mí na Nollag 2003 faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun aghaidh a thabhairt ar an easpa torthaí suntasacha atá á mbaint amach don Lucht Siúil as cláir náisiúnta agus áitiúla. Bunaíodh é chun spreagadh a thabhairt chun go gcuirfí beartais atá ann cheana i ndáil le raon de shaincheisteanna an Lucht Siúil i bhfeidhm, agus chun a chinntiú go mbeadh an comhordú idir soláthar seirbhísí ag leibhéal áitiúil níos éifeachtaí. Cuireann an Grúpa tuarascáil faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus is é An Taoiseach atá ina chathaoirleach ar an gCoiste sin. Bhí an Cathaoirleach i gceannas ar thoscaireacht ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chas leis an nGrúpa Ardleibhéil i Márta na bliana 2005. Chuir an Coiste an Grúpa ar an eolas faoi ábhair a bhí ag déanamh imní dóibh agus rinneadh roinnt moltaí. Bhí toscaireacht an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil i gcoitinne sásta leis an gcruinniú.

2. Cóiríocht Gan Áitiú

Mar a luadh i dtuarascáil bhliantúil 2004 an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (leathanach 15, Pointe 6) scrúdaigh an Coiste, ar iarratas ón Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, an tsaincheist a bhaineann le haonaid chóiríochta dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil a bheith gan áitiú. Bhreithnigh an Coiste figiúirí na n-aonad gan áitiú a tháinig ó na húdaráis áitiúla agus chinn siad go raibh an céatadán d'aonaid chóiríochta don Lucht Siúil a bhí gan áitiú ar aon dul, tríd is tríd, leis an gcéatadán de thithíocht gan áitiú a bhain le gnáthchóiríocht údaráis áitiúil. Ba í an tuairisc a chuir an Coiste faoi bhráid an Aire nár ghá gníomh speisialta ar bith maidir leis an tsaincheist seo dar leis.

3. Grúpa Oibre Comhairleach

Bhain obair an Ghrúpa Oibre Chomhairligh le múnla píolótach comhairleach a fhorbairt. (Féach le do thoil tuarascáil bhliantúil na bliana 2004, leathanach 15, Pointe 8 chun an cúlra a fháil.) Sa bhliain 2005 ghlac an Coiste le téarmaí tagartha an ghrúpa, agus tionóladh trí chruinniú den Ghrúpa sin le linn na bliana. Bhí obair an Ghrúpa ar dhréacht-thuarastal ag dul ar aghaidh faoi dheireadh na bliana.

4. Cruinniú leis an Aire Nollaig Ó hEachthighearn, T.D.

Tar éis don Choiste a Athbhreithniú ar Fheidhmiú Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 (féach tuarascáil bhliantúil na bliana 2004 le do thoil, leathanach 11, Pointe 1) a fhoilsiú in Eanáir na bliana 2005 lorg an Coiste cruinniú leis an Aire Nollaig Ó hEachthighearn, T.D. I measc na n-ábhar a pléadh ag an gcruinniú seo bhí, pleanáil, constaicí sa chóras a chuir moill ar chóiríocht an Lucht Siúil a sholáthar, agus an mhoill ar an dul chun cinn maidir le cóiríocht neamhbhuan a sholáthar.

5. Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2005

Tá méadú ag teacht fós ar an líon measta de theaghlaigh Lucht Siúil atá sa Stáit. Tháinig méadú ó líon measta de 6,991 teaghlach den sórt faoi dheireadh 2004 go líon measta de 7,266 teaghlach faoi dheireadh 2005 (méadú de 275 teaghlach). Má chaitear súil ar an raon cóiríochta a bhí ar fáil (idir ghnáthchóiríocht agus chóiríocht dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil) taispeántar go ndearnadh dul chun cinn go ginearálta cé go raibh sé teoranta sa bhliain 2005 maidir le cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil.

Tháinig méadú 138 (ó 2,827 faoi dheireadh 2004 go 2,965 faoi dheireadh 2005) le linn na bliana ar líon teaghlach an Lucht Siúil a bhí i ngnáth-thithe (idir thithíocht an údaráis áitiúil agus thithíocht dheonach). Tá 40.80% de líon iomlán na dteaghlach Lucht Siúil i dtithe anois agus is léir gurb é seo an rogha cóiríochta is coitianta a roghnaíonn teaghlaigh Lucht Siúil (féach Tábla 1, leathanach 16 thíos le do thoil). Le linn 2005 chomh maith tháinig méadú de 24 ar an líon teaghlach Lucht Siúil i ngrúpthithíocht agus tháinig méadú 27 ar an líon teaghlach i dtithe príobháideacha dá dtug údaráis áitiúla cúnamh. B'ábhar díomá é gur bheag é an laghdú (laghdú de 12 teaghlach) a tháinig ar an líon teaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe sa tréimhse chéanna áfach. Is céim eile fós sa ghluaiseacht a tugadh faoi deara i dtuarascáil na bliana anuraidh (féach tuarascáil bhliantúil na bliana 2004, leathanach 12, Pointe 3) an laghdú a tháinig ar líon na dteaghlach (laghdú de 118) a bhí ina gcónaí ar láithreáin stad sa bhliain 2005. Mar ab amhlaidh leis an mbliain 2004 meastar gur roghnaigh sciar de na teaghlaigh a bhí ina gcónaí ar láithreáin stad roimhe sin cineál eile de na roghanna cóiríochta a luadh thuas.

Tá an méadú sa líon measta de theaghlaigh Lucht Siúil atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos (méadú 210 go 696) agus an méadú sa líon measta de theaghlaigh a chuireann cóiríocht ar fáil dóibh féin as a n-acmhainní féin (méadú 14 go 478) ag leanúint ar aghaidh agus is treocht é sin a tugadh faoi deara cheana (féach tuarascáil bhliantúil na bliana 2004, leathanach 12, Pointe 3 le do thoil).

6. Cur i láthair os comhair an Choiste: Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann

Ar cuireadh ón gCoiste tháinig beirt oifigeach as Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann, an tUas. Tony Steed (as Aonad Comhionannais na Feidhmeannachta) agus an tUas. Aidan Brannigan (as Aonad na Feidhmeannachta don Lucht Siúil) ag cruinniú mhí na Samhna chun labhairt le baill an Choiste. Leag an tUas. Steed béim ar an dualgas reachtúil a leagadh ar chomhlachtaí ar leith chun comhionannas agus dea-chaidreamh idir chiníocha a chur chun cinn go gníomhach. Dúirt sé gur ainmníodh an Lucht Siúil Éireannach go sonrach mar ghrúpa ar tugadh cosaint dóibh faoin Race Relations Order 1997 de chuid Thuaisceart Éireann (arna leasú).

Labhair an tUas. Brannigan faoin bhforbairt a rinneadh i dTuaisceart Éireann ó thaobh chóiríocht an Lucht Siúil de ón mbliain 1999 agus thug sé breac-chuntas ar na dúshláin ionchasacha atá amach roimh chóiríocht den sórt a sholáthar sna blianta atá le teacht. Óna thaobh sin de leag sé béim ar a thábhachtaí is atá comhairliúchán ina mbeadh an pobal iomlán páirteach maidir le láthair agus araile don chóiríocht a bheadh dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Bhí an Coiste buíoch den Uas. Steed agus den Uas. Brannigan araon as iad a bheith toilteanach a dtaithí agus a saineolas a roinnt.

7. Cuairteanna ar Chóiríocht don Lucht Siúil

Ó bunaíodh an Coiste sa bhliain 1999 bhí de nós aige cuairt a thabhairt gach uile bhliain ar láithreáin chóiríochta atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil. Thug an Coiste cuairt ar láithreáin i gContae Chill Mhantáin agus i gContae an Chabháin sa bhliain 2005. Bhí an Coiste buíoch de Chomhairle Contae Chill Mhantáin, de Chomhairle Baile Bré agus de Chomhairle Contae an Chabháin as na cuairteanna seo a eagrú agus ba

mhór aige an cineáltas a thaispeáin teaghlaigh an Lucht Siúil a chuir fáilte roimh bhaill an Choiste isteach ina dtithe agus a roinn a dtaithí leo.

8. Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan

Tionóladh céad cruinniú an ghrúpa oibre seo i mí na Nollag 2004 agus chas siad ar a chéile trí huaire le linn 2005. Mheas an grúpa na céimeanna praiticiúla a d'fhéadfaí a ghlacadh trí raon roghanna éagsúla chun freastal ar riachtanais chóiríochta neamhbhuain an Lucht Siúil ach, de bharr cúraimí eile a bheith ar bhaill an ghrúpa, ní raibh an Grúpa ábalta a dhréacht-tuarascáil a bhí le cur faoi bhráid an Choiste a chríochnú faoi dheireadh na bliana.

Ellen Mongan agus Thomas Cunningham, Baill den Choiste agus iad ar chuairt ar láithreán

9. Fochoiste comhpháirteach de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá baill den Choiste Comhairleach ar Shláinte an Lucht Siúil agus baill an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar an bhfochoiste seo. (Féach ar thuarascáil bhliantúil na bliana 2004, leathanach 11-2, Pointe 2 le do thoil chun cúlra an fhochoiste a fháil). Níorbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh ar ábhair a bhain leis an bhfochoiste de bharr deacrachtaí ó thaobh sceidil de.

10. Measúnú agus Monatóireacht ar an Dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Glacadh leis an dara ceann de Chláir Chóiríochta don Lucht Taistil de chuid na n-údarás áitiúil don tréimhse 2005-2008 go luath sa bhliain 2005. Glacadh le tríocha ceathair clár san iomlán a dhéanann freastal ar na comhairlí contae, buirge agus cathrach go léir. Ceann de na gnéithe nua a tugadh isteach sa dara clár ab ea an ceanglas go mbeadh spriocanna bliantúla acu chun catagóirí éagsúla cóiríochta a sholáthar. Rinne an Coiste plé ar bhealaí éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar na cláir agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn go bliantúil. Bhí an plé seo fós ag dul ar aghaidh faoi dheireadh na bliana.

11. Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil

Bhí imní ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil le blianta beaga anuas faoi fheidhmiú na gCoiste Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil. Eisíodh treoirlínte ar fheidhmiú a gcoistí áitiúla ar na húdaráis áitiúla go léir sa bhliain 2001 (féach tuarascáil bhliantúil na bliana 2001, leathanach 11 le do thoil). Chinn an Coiste sa bhliain 2005 go mbainfí tairbhe as seimineáir náisiúnta a reáchtáil maidir le feidhmiú na gcoistí áitiúla agus gurb é an sprioc a bheadh ag na seimineáir sin éifeachtúlacht na gcoistí a fheabhsú. Bhí róil agus freagrachtaí bhaill na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil ar na hábhair a bheadh le plé. Bhí dul chun cinn maith déanta ag deireadh na bliana maidir le hábhair bhreise a bheidh le meas ag na seimineáir, an líon daoine a d'fhreastalódh orthu, láthair na seimineár agus araile.

12. Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil ar an 25 Samhain 2005. Tugtar sonraí an Chomhairimh in Aguisín II. Tugtar achoimre sa tábla thíos (Tábla 1) ar chóiríocht theaghlaigh an Lucht Siúil faoi dheireadh 2005.

Tábla 1
Líon na dTeaghlach Lucht Siúil – Samhain 2005

	Líon na dTeaghlach i	2005	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithíocht (lena n-áirítear Tithíocht Dheonach)	2,965	40.80%
(b)	Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	696	9.57%
(c)	Cuasa ar Láithreáin bhuana Stad	665	9.16%
(d)	Grúpthithíocht	606	8.35%
(e)	Láithreáin Neamhúdaraithe	589	8.10%
(f)	Acmhainní Féin	478	6.57%
(g)	Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla	403	5.55%
(h)	Cuasa agus Seirbhísí Bunúsacha orthu / Cuasa ar Láithreáin Neamhbhuana Stad[1]	326	4.49%
(i)	Tithíocht Roinnte (catagóir a, b, d, f, g)	326	4.49%
(j)	Cuasa Roinnte ar Láithreáin bhuana Stad	150	2.06%
(k)	Cuasa roinnte agus Seirbhísí Bunúsacha orthu/ Cuasa Roinnte ar Láithreáin Neamhbhuana Stad	62	0.86%
	Iomlán	**7,266**	**100%**

[1] Áirítear cuasa sealadacha agus éigeandála ar láithreáin stad leis na Cuasa a bhfuil Seirbhísí Bunúsacha orthu.

Airgeadas

Is í an Róinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a íocann costais iomlán oibríochta an Choiste.

Thabhaigh an Coiste ?20,773 de chaiteachas sa bhliain 2005. (Ba ?19,552 suim an chaiteachais don bhliain 2004).

Arda Ghleann Chonchúir, Cluain Meala, Tiobraid Árann Theas

Aguisín I
Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2005

Láithreáin Stad a Críochnaíodh sa bhliain 2005

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Co. Co. An Chláir	Baile Mhic Cráibhín, Inis Díomáin			3			
Co. Co. An Chláir	An Bealach Buí, Inis			16			
Co. Co. Chorcaí (Theas)	Forge Hill, An Tóchar				1		
Co. Co. Chorcaí (Theas)	Cill an Locha, Cnocán na Biolraí			1			
Co. Co. Fhine Gall	Bóthar na Maighne, Baile Dúill	1					
Co. Co. Chill Dara	Blacklion, Maigh Nuad				3		
Co. Co. Chill Dara	Ardrew, Baile Átha Í			3			
Co. Co. Luimnigh	Caladh an Treoigh	7					
Co. Co. Mhaigh Eo	Cros an Chlochair, Caisleán an Bharraigh			2			
Co. Co. Mhaigh Eo	Bóthar na Breachmhaí, Caisleán an Bharraigh			2			
Co. Co. Átha Cliath Theas	Bóthar an 12ú Loc Mullach na Pise			6			
Co. Co. Átha Cliath Theas	Páirc Belgard	10					
Iomlán		**18**	**0**	**33**	**4**	**0**	**0**

Láithreáin Stad á dtógáil ag an 31 Nollaig 2005

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Dhongáin				4		
Co. Co. Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Gort Mhuire	3					
Comhairle Contae Chiarraí	Páirc na bhFianna, Cill Airne				1		
Co. Co. Luimnigh	Cluain Draighneach, Bóthar na hInse, Luimneach	14					
Co. Co. Ros Comáin	Cluain Salach, An Caisleán Riabhach	3			10		
Co. Co. Mhaigh Eo	Caisleán an Bharraigh				6		
Co. Co. na Mí	N. Pádraig, An Uaimh	2			14		
Co. Co. Shligigh	Cluain na Maithín, Cúil Mhuine		8				
Co. Co. Átha Cliath Theas	Lána Choillte Leamháin, Cill an Ardáin	5					
Co. Co. Átha Cliath Theas	Lána Uí Loingsigh, Cluain Dolcáin						22
Co. Co. Átha Cliath Theas	Páirc an tSeanchaisleáin						12
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach, Tiobraid Árann			2			
Co. Baile Tulach Mhór	Cill Chruitín			17			
Co. Co. Loch Garman	Bun Clóidí				1		
Co. Co. Chill Mhantáin	Bóthar an Ghleanna, Abhóca	4					
Iomlán		**31**	**8**	**19**	**36**	**0**	**34**

Scéimeanna Grúpthithíocht críochnaithe sa bhliain 2005

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Comhairle Baile Bhré	Ard na Gréine		1
Comhairle Baile Bhré	Ard Chulainn		1
Co. Co. An Chabháin	Coillidh Mhaonaigh, An Cabhán		2
Co. Co. An Chabháin	Ard na Gréine, An Cabhán		1
Co. Co. An Chláir	Watery Road, Inis		2
Comhairle Buirge Chluain Meala	Gleann Chonchúir, Cluain Meala	3	
Comhairle Cathrach Chorcaí	Cnoc an Chuilinn		2
Co. Co. Chorcaí (Theas)	Garrán na Collchoille, Bóthar Chionn tSáile		7
Co. Co. Chorcaí (Thiar)	An Cheathrú, Cloich na Coillte		1
Co. Co. Chorcaí (Thiar)	Moses Road, Cloich na Coillte		1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	N. Maighréad, Baile Munna	26	
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Radharc an Droichid, Cluain Dolcáin		1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc an Charad		3
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Avila		20
Co. Co. Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Garrán Bhaile Uí Ógáin		4
Co. Co. Chiarraí	Páirc N. Eoin, Oileán Ciarraí		1
Co. Co. Chill Dara	Blacklion, Maigh Nuad		1
Co. Co. Mhaigh Eo	Turlach, Caisleán an Bharraigh	2	
Co. Co. Ros Comáin	Bóthar an Locha, Ros Comáin		1
Co. Co. Ros Comáin	Church View, Mainistir na Búille		1
Co. Co. Átha Cliath Theas	Baile Mhic Craith – Cuid V	10	
Co. Co. Átha Cliath Theas	Garrán na nGlaschnoc		1
Co. Co. na hIarmhí	Gort na dTor, Lios Uí Mhulláin, Baile Átha Luain	1	
Co. Co. Loch Garman	Redmondbridge, An Phailís		2
Co. Baile Chill Mhantáin	Ocean View, Cill Mhantáin		1
Iomlán		**42**	**54**

Scéimeanna Grúpthithíocht á dtógáil ag an 31 Nollaig 2005

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Co. Co. Cheatharlach	Baile Dhongáin		1
Co. Co. An Chabháin	Tulach Uí Mhongáin, Íochtarach	5	
Co. Cathrach Bhaile Átha Cliath	Gairdíní Avila	1	
Co. Co. Fhine Gall	Halla an Leasáin, Sord	14	
Co. Co. Chill Chainnigh	N. Muire, Garraí an Chrainn	8	
Co. Co. Ros Comáin	Coill Fhearna, Bóthar Bhéal Átha Liag, Ros Comáin	5	
Co. Co. Shligigh	Cúil Mhuine	1	
Co. Co. Átha Cliath Theas	N. Aodhán, Gort an tSrutháin	5	
Co. Co. Átha Cliath Theas	Lána Choillte Leamháin, Cill an Ardáin	5	
Co. Co. Átha Cliath Theas	Lána Uí Éideáin	8	
Co. Co. Átha Cliath Theas	Baile Uí Fhoirtcheirn	10	
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach	2	
Co. Baile Thulach Mhór	Lána na Seansaireachta	4	
Co. Co. Chill Mhantáin	Bóthar an Ghleanna, Abhóca	1	
Co. Co. Chill Mhantáin	Cill Lóch Íocht, Cill Mocheanóg		1
Co. Co. Loch Garman	Mullach na mBaintreach, Teach Munna	1	
Co. Co. Loch Garman	Gort na Silíní, Inis Córthaidh	8	
Iomlán		**78**	**2**

Tithíocht Aon-Uaire ceannaithe sa bhliain 2005

Údarás Áitiúil	Láthair
Co. Co. Cheatharlach	Teampall Eoin, An Tulach
Co. Co. Chorcaí (Theas)	Ráth Phéacáin
Co. Cathrach Bhaile Átha Cliath	Bóthar Shliabh Coimeálta, Droimeanach, Baile Átha Cliath 12
Co. Cathrach Bhaile Átha Cliath	Corrán Phluincéid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
Co. Cathrach Bhaile Átha Cliath	Ascaill an Chloigín Ghoirm, Baile Átha Cliath 8
Co. Cathrach Bhaile Átha Cliath	Ard na Meala, Baile Munna
Co. Co. na Gaillimhe	Cluain Caoin, Áth Tíomáin, Baile Átha an Rí
Co. Co. na Gaillimhe	Cathair Loistreáin, Tuaim
Co. Co. na Gaillimhe	Creig an Turlaigh, Creachmhaoil
Co. Co. Mhaigh Eo	Culmore, Béal Átha na Muice
Co. Co. Chill Mhantáin	Cill Lóch Íochtar, Cill Mocheanóg
Iomlán	**11**

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
Ceatharlach	40	40	37	15	14	12	4	6	7	2	1	2
An Cabhán	27	27	31	11	11	18	0	0	0	0	0	0
An Clár	36	31	36	19	30	30	23	30	30	2	3	3
Corcaigh (Cathair)	143	148	129	0	9	9	5	7	20	1	0	0
Corcaigh (Contae)	99	107	124	14	14	14	8	15	10	1	1	1
Dún na nGall	97	91	97	12	11	11	1	1	1	1	3	7
BÁC (Cathair)	101	111	128	153	157	164	2	2	1	2	5	5
Dún Laogh-Ráth	50	43	43	24	22	22	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	57	67	70	30	38	34	0	0	0	0	0	1
Gaillimh (Cathair)	143	151	181	26	26	27	1	1	10	1	2	2
Gaillimh (Contae)	203	215	226	44	50	49	21	29	36	6	7	7
Ciarraí	178	180	184	0	0	0	46	50	51	0	0	0
Cill Dara	25	32	32	8	7	6	0	0	0	0	0	0
Cill Chainnigh	35	35	34	0	0	0	13	13	13	3	3	4
Laois	47	61	78	4	4	4	9	7	9	2	3	2
Liatroim	0	3	3	2	2	3	1	1	0	0	0	0
Luimneach (Cathair)	8	7	2	9	9	9	2	2	2	0	0	0
Luimneach (Contae)	124	130	136	16	16	16	28	28	30	0	0	0
An Longfort	155	172	182	0	0	0	6	15	15	9	4	4
Lú	125	129	139	16	19	20	27	30	32	7	8	9
Maigh Eo	119	124	101	5	5	7	15	15	15	4	4	7
An Mhí	68	69	76	41	41	41	5	5	5	9	9	9
Muineachán	47	52	53	0	0	0	20	20	18	0	0	0
TÁ Thuaidh	73	81	86	9	9	9	4	4	4	0	0	0
Uíbh Fhailí	65	67	68	0	0	0	21	23	23	6	5	6
Ros Comáin	13	13	13	10	10	10	3	3	3	0	0	0
Sligeach	27	33	29	0	0	0	1	1	1	3	3	4
BÁC Theas	113	129	146	23	24	38	9	9	9	0	0	0
TÁ Theas	44	49	51	8	8	11	5	5	5	0	0	1
Port Láirge (Cathair)	98	96	95	0	0	0	0	0	0	4	5	5
Port Láirge (Contae)	11	12	10	0	0	0	0	2	1	0	0	0
An Iarmhí	71	71	71	6	6	6	27	27	27	0	0	0
Loch Garman	105	110	115	28	28	26	20	22	22	3	7	7
Cill Mhantáin	66	67	72	12	12	10	2	3	3	1	1	1
Iomlán	**2,613**	**2,753**	**2,878**	**545**	**582**	**606**	**329**	**376**	**403**	**67**	**74**	**87**

Lucht Siúil in 2005

	Iomlán						Iomlán					
	Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe		
	5			6			7			8		
	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005	2003	2004	2005
	10	4	7	71	65	65	8	3	5	79	68	70
	17	18	0	55	56	49	7	3	1	62	59	50
	33	22	29	113	116	128	34	18	6	147	134	134
	66	62	59	215	226	217	9	14	7	224	240	224
	12	11	19	134	148	168	43	37	33	177	185	201
	28	26	17	139	132	133	5	3	1	144	135	134
	171	159	147	429	434	445	71	41	72	500	475	517
	36	25	29	110	90	94	10	11	12	120	101	106
	180	152	113	267	257	218	15	7	43	282	264	261
	42	44	39	213	224	259	0	0	0	213	224	259
	31	27	20	305	328	338	56	41	45	361	369	383
	30	28	28	254	258	263	6	7	6	260	265	269
	29	17	29	62	56	67	16	28	20	78	84	87
	16	16	17	67	67	68	7	9	13	74	76	81
	19	13	17	81	88	110	17	9	6	98	97	116
	41	33	27	44	39	33	3	0	0	47	39	33
	36	42	44	55	60	57	0	1	1	55	61	58
	31	33	31	199	207	213	111	81	43	310	288	256
	15	16	10	185	207	211	13	9	5	198	216	216
	6	10	16	181	196	216	11	13	3	192	209	219
	6	3	11	149	151	141	42	43	28	191	194	169
	52	49	47	175	173	178	4	4	0	179	177	178
	6	13	7	73	85	78	3	2	8	76	87	86
	18	20	19	104	114	118	28	33	28	132	147	146
	28	42	37	120	137	134	42	27	23	162	164	157
	18	27	27	44	53	53	12	5	5	56	58	58
	30	34	38	61	71	72	30	22	20	91	93	92
	257	232	188	402	394	381	29	4	15	431	398	396
	22	21	16	79	83	84	22	17	18	101	100	102
	21	21	14	123	122	114	4	2	8	127	124	122
	11	11	14	22	25	25	2	8	7	24	33	32
	35	37	31	139	141	135	0	2	0	139	143	135
	15	23	23	171	190	193	96	74	72	267	264	265
	30	30	33	111	113	119	32	23	35	143	136	154
	1,398	**1,321**	**1,203**	**4,952**	**5,106**	**5,177**	**788**	**601**	**589**	**5,740**	**5,707**	**5,766**

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2005

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Leath 23, Colún 6	Ó Leath 23, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	65	5	17	9	20	**116**
An Cabhán	49	1	0	5	3	**58**
An Clár	128	6	2	29	18	**183**
Corcaigh (Cathair)	217	7	2	15	13	**254**
Corcaigh (Contae)	168	33	10	21	21	**253**
Dún na nGall	133	1	0	35	1	**170**
BÁC (Cathair)	445	72	0	35	13	**565**
Dún Laogh-Ráth	94	12	0	5	4	**115**
Fine Gall	218	43	0	50	0	**311**
Gaillimh (Cathair)	259	0	2	86	20	**367**
Gaillimh (Contae)	338	45	4	31	10	**428**
Ciarraí	263	6	15	6	8	**298**
Cill Dara	67	20	16	8	2	**113**
Cill Chainnigh	68	13	5	8	4	**98**
Laois	110	6	5	10	2	**113**
Liatroim	33	0	0	16	1	**50**
Luimneach (Cathair)	57	1	0	9	1	**68**
Luimneach (Contae)	213	43	100	14	61	**431**
An Longfort	211	5	25	25	22	**288**
Lú	216	3	32	42	5	**298**
Maigh Eo	141	28	0	28	7	**204**
An Mhí	178	0	0	3	0	**181**
Muineachán	78	8	2	10	6	**104**
TÁ Thuaidh	118	28	0	11	5	**162**
Uíbh Fhailí	134	23	4	30	3	**194**
Ros Comáin	53	5	0	3	9	**70**
Sligeach	72	20	0	9	7	**108**
Áth Cliath Theas	381	15	25	65	12	**498**
TÁ Theas	84	18	7	4	10	**123**
Port Láirge (Cathair)	114	8	32	15	5	**174**
Port Láirge (Contae)	25	7	0	2	0	**34**
An Iarmhí	135	0	73	14	1	**223**
Loch Garman	193	72	98	29	32	**424**
Cill Mhantáin	119	35	2	14	0	**170**
Iomlán	**5,177**	**589**	**478**	**696**	**326**	**7,266**

Páirc Belgard, Áth Cliath Theas

Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil – An Seasamh mar atá 25 Samhain 2005

Cóiríocht Iomlán curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 5,766



Láithreáin Staid Fhaofa Seirbhísithe – 2005

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin Neamhúdaraithe – 2005

Líon na dTeaghlach



Cóiríocht curtha ar fáil (Líon Teaghlach)

Gnáth-thithíoch



Grúpthithíocht



Láithreáin Staid



Láithreáin Neamhúd